

AN TSEAMAIR MHUIRE I NUALACH FRAOIGH

Bhí fear ag tigheacht abhaile ón sliabh agus ualach fraoigh air. Chuala sé dhá ghadhar ag labhairt le chéile - ag tafann. "Goidfear an tuar ó na mháistear anocht," adeir gadhar aca leis an gceann eile, má theagann tú i n-éinfeacht liom-sa fairfimid é." "Ní thiocfaidh mé i n-éinfeacht leat" adeir an ceann eile agus ní fhairfidh mé an tuar, mar bhuaileadar mé ar ball agus chuireadar amach mé." An fear abhí ag éisteacht leo chuaidh sé go dtí an teach agus d'fuagair sé ortha go ngoidfidhe an tuar anocht mara dtugtaoi isteach é. Bhí an tseamhair Mhuire san ualach fraoigh aige i ngan fhios dó. Sin é an fáth ar thuig sé tafann na ngadhar. 15.10.31.